C/2024/5764

25.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11741 — ABASTIBLE / GASIB SPAIN / GASIB PORTUGAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5764)

1. An 17 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Abastible S.A. ('Abastible') (an tSile),

— Gasib Sociedad Ibérica de Gas Licuado, S.L.U. ('Gasib Spain'), faoi rialú Compañía Española de Petróleos, S.A., ('CEPSA') (an Spáinn sa dá chás),

— Sociedade Ibérica de Gàs Liquefeito, Lda ('Gasib Portugal') (an Phortaingéil), faoi rialú CEPSA.

Gheobhaidh Abastible rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Gasib Spain agus Gasib Portugal ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Abastible gníomhach i ndáileadh agus tráchtálú gáis peitriliam leachtaithe ('GPL') sa tSile, sa Cholóim, in Eacuadór agus i bPeiriú. Cuireann Abastible réitigh fuinnimh bhreisluacha ar fáil freisin faoi chuimsiú tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, bainistíonn sé stáisiúin peitril le haghaidh gluaisteán agus soláthraíonn sé seirbhísí suiteála sa bhaile agus seirbhísí cúnaimh theagmhasaigh a bhaineann le gás leachtaithe i Meiriceá Theas,

— Déanann Gasib Spain GPL a sholáthar agus a dháileadh sa Spáinn,

— Déanann Gasib Portugal GPL a sholáthar agus a dháileadh sa Phortaingéil,

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11741 — ABASTIBLE / GASIB SPAIN / GASIB PORTUGAL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË